# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

## FRAINCIS – GNÁTHLEIBHÉAL
**(320 MARC)**

DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**N.B. DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN**

| ROINN | MARC |
|---|---|
| I | |
| II | |
| III | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Tá trí roinn sa pháipéar seo, mar atá: Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga.

**2.** Tabhair aird ar leith ar na treoracha a ghabhann le gach ceist de réir mar a thugtar iad sa pháipéar scrúdaithe.

**3.** **Sula dtosaíonn an triail chluastuisceana, beidh cúig nóiméad agat chun na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann léi a léamh.** Ní bheidh cead agat ceisteanna a chur ná rud ar bith a rá nuair a bheidh an triail féin ar siúl.

**4.** Nuair a bheidh Roinn I (cluastuiscint na sleachta taifeadta) críochnaithe agat, ba cheart duit tabhairt faoi Roinn II agus Roinn III den pháipéar láithreach.

**5.** NÁ DEARMAD DO **SCRÚDUIMHIR** A CHUR SA SPÁS CUÍ THUAS.



**[Thall**

## ROINN I

### Cluastuiscint (140 marc)

**N.B.** Bíodh do fhreagraí i nGaeilge.

# A

Cloisfidh tú **trí** thaifeadadh, gach ceann acu **faoi dhó**. Tá cead agat an cheist a bhaineann le gach taifeadadh a fhreagairt tar éis ceachtar den dá éisteacht. Cuir *a,b, c,* nó *d* sa bhosca cuí.

**1.** Tá an comhrá seo ar siúl
*(a)* in aerfort.
*(b)* i staisiún traenach.
*(c)* i scoil.
*(d)* in ollmhargadh.

☐

**2.** Tá an comhrá seo ar siúl
*(a)* in ospidéal.
*(b)* i siopa.
*(c)* i mbialann.
*(d)* i linn snámha.

☐

**3.** Tá Marie míshásta mar níl aon chuid de seo fágtha
*(a)* sicín.
*(b)* brioscáin.
*(c)* bainne.
*(d)* liamhás.

☐

---

**N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN**

| **Mír** | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |
| **E** | |
| **IOMLÁN** | |

# B

Sa mhír seo, cuireann beirt iad féin in aithne. Cloisfear scéal gach duine acu **trí** huaire. Éist leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1.**

| | |
|---|---|
| AINM: | *Chantal* |
| AOIS: | |
| TÍR A BREITHE: | |
| CONAS A THÉANN SÍ AR OBAIR: | |
| CAITHEAMH AIMSIRE **AMHÁIN** LUAITE: | |
| CÉN ÁIT A BHUAIL SÍ LE CLAUDE AR DTÚS: | |

**2.**

| | |
|---|---|
| AINM: | *Eric* |
| AOIS: | |
| POST (obair): | |
| CÉN FÁTH A THAITNÍONN A PHOST LEIS: | |
| CAITHEAMH AIMSIRE **AMHÁIN** LUAITE: | |
| UAILLMHIAN: | |

# C

Cloisfidh tú **cúig** chomhrá éagsúla. Déanfar gach ceann díobh a sheinm **faoi dhó**. Éist go cúramach agus freagair na ceisteanna.

**1.** Cén t-am a shocraíonn siad bualadh le chéile?

*(a)* 1.40
*(b)* 2.30
*(c)* 3.20
*(d)* 4.10

☐

**2.** Éist leis an gcomhrá agus críochnaigh an uimhir ghutháin thíos.

06.62.__ __. 52. __ __.

**3.** Cén leithscéal atá ag Laurent nár thug sé suas an obair bhaile sa Stair?

*(a)* Níor thuig se é
*(b)* Bhí an iomad Mata le déanamh aige
*(c)* Bhí air dul ag siopadóireacht lena mháthair
*(d)* Ní ligfeadh a athair dó é a chríochnú

☐

**4.** Críochnaigh litriú ainm an chuistaiméara, trí na spásanna thíos a líonadh leis na litreacha atá in easnamh.

S. __. U. __. A. T.

**5.** Ainmnigh an **dá** rud a cheannaíonn M. Dupont.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

# D

Tá Alice agus Julien ag caint faoi phleananna do laethanta saoire.

Cloisfidh tú an comhrá **faoi thrí.** Ar dtús, cloisfidh tú é go léir tríd síos; ansin, déanfar é a sheinm i **gceithre mhír** agus sosanna eatarthu. Ag deireadh, cloisfidh tú an comhrá ar fad tríd síos arís.

**1.** Tá Alice ag dul go dtí an Ollainn
- *(a)* mar tá a huncail ag obair ann.
- *(b)* mar tá a col ceathracha ar saoire ann.
- *(c)* chun staidéar a dhéanamh.
- *(d)* lena club óige áitiúil.

☐

**2.** Níl Julien ag dul ar saoire mar
- *(a)* níl aon airgead aige.
- *(b)* tá a mháthair breoite.
- *(c)* tá sé ag obair.
- *(d)* ní thaitníonn leis taisteal.

☐

**3.** Cé chomh minic a chuireann Christine agus Julien r-phost chuig a chéile?
- *(a)* Uair amháin sa lá
- *(b)* Uair amháin sa tseachtain
- *(c)* Uair amháin sa choicís
- *(d)* Uair amháin sa mhí

☐

**4.** **(i)** Cén tráthnóna atá siad ag dul go dti an caifé?

______________________________________________

**(ii)** An caifé atá siad ag dul chuige, tá sé taobh leis
- *(a)* an leabharlann.
- *(b)* an linn snámha.
- *(c)* an pháirc.
- *(d)* an staisiún póilíní.

☐

## E

Anois cloisfidh tú **cúig** mhír ón raidió **faoi dhó.**
Éist leo go cúramach agus freagair na ceisteanna a bhaineann le gach ceann acu.

**1.** Cén tír a bhfuil an Príomh-aire ar cuairt ann?

________________________________________________

**2.** An chúis atá leis an bhfadhb ná
*(a)* tuile.
*(b)* easpa báistí.
*(c)* tine.
*(d)* stailc phoist.

☐

**3.** Tá trácht ar Jacques Deray sa nuacht mar
*(a)* bhuaigh sé an Lotto.
*(b)* thionscnaigh sé inneall.
*(c)* bhris sé curiarracht dhomhanda.
*(d)* fuair sé bás.

☐

**4.** Ghortaigh captaen na Fraince
*(a)* a uillinn.
*(b)* a throigh.
*(c)* a cheann.
*(d)* a ghlúin.

☐

**5.** Sa chuid thuaidh den Fhrainc beidh
*(a)* sneachta.
*(b)* grian.
*(c)* báisteach.
*(d)* scamaill.

☐

**N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN**


| **Q.** | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **IOMLÁN** | |

# ROINN II

**Léamhthuiscint (120 marc)**

**N.B.** Bíodh na freagraí i nGaeilge agat.

**1.** Déan na comharthaí agus na pictiúir seo a leanas a mheaitseáil. Tabhair do fhreagra, i ngach cás, trí na litreacha a fhreagraíonn do na huimhreacha a chur isteach sna boscaí thíos.




| UIMHIR | LITIR |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**2.** (i)

EN PANNE

An brí atá leis an bhfógra thuas ar inneall caife ná:
*(a)* níl siúcra.
*(b)* le húsáid ag foireann oibre amháin.
*(c)* as ord.
*(d)* faigh sóinseáil ag an gcúntar.

☐

(ii)

VEUILLEZ ÉTEINDRE
VOTRE CIGARETTE
S'IL VOUS PLAÎT

Deir an fógra thuas leat
*(a)* go gcaithfidh tú do thoitín a chur amach.
*(b)* gur féidir leat toitíní a cheannach ag an inneall.
*(c)* go bhfuil sé go holc don tsláinte tobac a chaitheamh.
*(d)* go bhfuil cead agat tobac a chaitheamh san áit seo.

☐

(iii)

PORT DU CASQUE ET PROTECTIONS
OBLIGATOIRES

Tá an fógra thuas i bpáirc chlár scátála agus deir sé
*(a)* go gcaithfidh cárta ballraíochta a bheith agat.
*(b)* nach féidir fanacht ach uair a'chloig amháin.
*(c)* nach bhfuil cead scátáil id' aonar.
*(d)* go gcaithfidh tú clogad a chaitheamh.

☐

(iv)


CAMPING – CARAVANING INTERDIT

Bhí an fógra thuas in ionad saoire agus ciallaíonn sé
*(a)* gur féidir pubaill agus carbháin a fháil ar cíos anseo.
*(b)* gur suíomh campála agus carbhán é seo.
*(c)* go bhfuil cosc ar champáil agus ar charbháin san áit seo.
*(d)* go bhfuil suíomh campála agus carbhán níos faide ar aghaidh ar an bóthar.

☐

**3.**

# Prends la vague !



***3 règles d'or***

- Bien savoir nager.
- Débuter avec un moniteur de préférence, ou sous la surveillance d'un adulte.
- Ne jamais se lancer si le drapeau est orange ou rouge.

Cuir tic (✓) chun taispeáint cé acu díobh seo a leanas **atá** luaite i measc "Rialacha Órga" na clársheoltóireacta.

| | | ✓ |
|---|---|---|
| i. | Léigh oiread agus is feidir leat faoin gclársheoltóireacht roimh thosú duit. | |
| ii. | Ná téigh ag clársheoltóireacht in áit ina bhfuil bratach dhearg. | |
| iii. | Bí in ann snámh. | |
| iv. | Abair le duine fásta amháin, ar a laghad, cá bhfuil tú ag dul. | |
| v. | Caith dathanna geala i gcónaí. | |
| vi. | Tosaigh faoi mhaoirseacht dhuine fásta. | |
| vii. | Tóg leat guthán soghluaiste uiscedhíonach. | |

**4.**

## *Charlotte choco-poire*

*Il te faut :*

- 200g de chocolat noir
- 3 demi-poires au sirop
- une vingtaine de biscuits à la cuiller
- 4 œufs
- 20g de beurre
- le sirop des poires
- un peu d’eau



Cuir tic (✓) chun taispeáint cé acu de na comhábhair seo a leanas a luaitear san oideas thuas.

| | **Comhábhair** | ✓ |
|---|---|---|
| i. | Úlla | |
| ii. | Siúcra | |
| iii. | Uisce | |
| iv. | Brioscaí | |
| v. | Rum | |
| vi. | Im | |

| | **Comhábhair** | ✓ |
|---|---|---|
| vii. | Seacláid bhán | |
| viii. | Silíní | |
| ix. | Arán | |
| x. | Uibheacha | |
| xi. | Piorraí | |
| xii. | Subh | |

**5.**

<table>
<tr><td colspan="2">

# BIBLIOTHÈQUE MUNICIPALE

4, rue Pasteur – 29660 CARANTEC<br>Tél : 02.98.78.31.17

***Horaires***

<u>De septembre à juin</u> :

| | |
|---|---|
| Mardi | de 10h00 à 12h00 |
| Mercredi | de 15h00 à 17h30 |
| Jeudi | de 10h00 à 12h00 |
| Samedi | de 10h00 à 12h00 et de 16h00 à 18h00 |

<u>En juillet et août</u> :

du lundi au samedi de10h30 à 12h00 et de 17h00 à 18h30

TARIFS

| | |
|---|---|
| Pour un adulte : | 13 € |
| Pour un couple : | 23 € |
| Pour les jeunes de moins de 12 ans : | Gratuit |

Pour les jeunes de moins de 12 ans, les parents doivent signer la fiche d’inscription autorisant leurs enfants à emprunter des livres à la bibliothèque.

</td></tr>
</table>

(i) Ainmnigh an baile ina bhfuil an leabharlann seo suite.

___

(ii) Cén lá den tseachtain a dhúnann an leabharlann ag 5.30 i.n?

___

(iii) Cé mhéid lá den tseachtain a bhíonn an leabharlann ar oscailt i mí Iúil agus mí Lúnasa?


___

(iv) Cad é costas ballraíochta na leabharlainne do leanaí faoi aois a dó dhéag?

___

**6.**

# ON SE DIT TOUT



*Chère Anne,*
*Il y a cinq ans, j'ai rencontré une fille qui était nouvelle dans la classe. Nous sommes vite devenues inséparables. J'apprends qu'elle va déménager en Australie à la fin des grandes vacances. Je sais très bien que je pourrai lui téléphoner ou lui écrire, mais ce ne sera plus du tout la même chose. Aide-moi !*

*Isabelle, 15 ans*

*Salut Anne,*
*Délire, les grands-parents ! « Mes grands-parents, je les adore !!! Ils sont vachement sympa ! Par contre, ils parlent trop souvent de leur jeunesse: « On devait aller se laver à l'autre bout du jardin… », « on n'avait pas la télé », etc. Mais ce qui est délire, c'est qu'ils me disent plein de choses sur l'enfance de mes parents… Trop marrant parfois !!! »*

*Quentin, 13 ans.*

*Anne,*
*Ma sœur vient de dire à ma mère que j'ai un petit copain ! Ma mère n'accepte pas ça et elle va me punir pendant je ne sais combien de temps. Que faire ? Je trouve qu'à 11 ans, on a le droit de sortir avec un garçon !*

*Léa, 11 ans*

*Salut Anne,*
*Je suis en CM2 et, comme presque tout le monde, j'ai peur d'entrer au collège. Déjà, avec les garçons, ça ne va pas très bien. On passe notre temps à se disputer. J'ai peur, très peur. A qui pourrais-je parler ?*

*Elodie*

*Bonjour Anne,*
*J'ai un petit problème. Je suis parti en vacances une semaine à la mer et j'ai vu une fille super mignonne. Je n'ai pas osé faire le premier pas et je me rends compte que j'ai eu tort. Depuis que je suis rentré chez moi, je n'arrête pas de penser à elle. Que faire ?*

*Aurélien, 12 ans*

Léigh na litreacha thuas agus scríobh ainm an duine

| | | |
|---|---|---|
| i. | a thit i ngrá ar laethanta saoire. | |
| ii. | a chaithfidh scaradh ó chara. | |
| iii. | a bhfuil eagla uirthi go gcuirfear pionós uirthi. | |
| iv. | atá buartha faoi thosú sa mheánscoil. | |
| v. | a chloiseann a lán scéalta faoin am fadó. | |

**7.** Sa sliocht seo tugann Julie comhairle do dhaltaí atá ar tí tosú sa mheánscoil.

## *La vérité sur la sixième*

**L'année prochaine, c'est la 6e… l'angoisse ! Pas de panique : Julie a pensé à toi et te dit tout sur l'année qui t'attend.**

**1.** ***On se perd facilement***
Mais non ! Question d'habitude… Et rassure-toi, le premier jour, tu fais une visite complète des lieux… Note dans ton emploi du temps, le numéro de la salle de classe.

**2.** ***Les cours sont plus difficiles***
Pas vraiment ! C'est même une révision de ton programme de l'école primaire, plus quelques nouvelles matières. Alors du calme !

**3.** ***Le cartable est plus lourd***
Hélas oui. Partage le transport des livres avec un copain ou une copine. Organise-toi pour ne pas porter tous tes livres à chaque fois.

**4.** ***On a plus de devoirs***
Un peu plus, mais ce n'est pas si mauvais que ça. À toi de t'organiser ! En général, un élève de 6e a 2 heures (grand maximum) de travail le soir.

**5.** ***On a beaucoup de professeurs différents***
C'est génial ! Si l'un ne te plaît pas, tu n'es pas obligé de le supporter toute la journée ! Mais, c'est vrai, c'est parfois compliqué de passer de l'un à l'autre. Tu en auras un pour chaque matière, soit de 6 à 8 environ.

Líon isteach uimhir an ailt ina luaitear gach ceann díobh seo a leanas.

| | | **Uimhir an Ailt** |
|---|---|---|
| i. | Méid obair bhaile | |
| ii. | Meáchan an mhála scoile | |
| iii. | Tráthchlár | |
| iv. | Oiread sin múinteoirí éagsúla | |
| v. | Ábhair nua | |

**8.**

## Comment devenir patron de restaurant ?

***Antoine, 62 ans, est chef cuisinier et patron d'un restaurant provençal dans le Var.***



« Être chef dans son propre restaurant, c'est travailler avec la confiance des employés et des clients ! Chaque matin, je vais choisir mon poisson au marché. Quand je reviens, j'établis la carte du jour et l'équipe se met en cuisine. Il faut refaire la disposition des tables selon les réservations. Le premier service commence à midi, le deuxième à 18h. Le soir, je fais les comptes avec ma femme. J'ai commencé à 14 ans. J'aidais mon père en cuisine dans son restaurant. Puis à 16 ans j'ai entrepris des études. J'ai appris les spécialités de toutes les régions. Ensuite, j'ai ouvert mon restaurant. Maintenant, c'est moi qui enseigne les spécialités provençales à de jeunes apprentis ».

(i) Ar maidin
- *(a)* fanann Antoine sa leaba.
- *(b)* téann se go dtí an margadh.
- *(c)* ullmhaíonn sé bricfeasta do chustaiméirí.
- *(d)* déanann sé na cuntais.

(ii) Tá Antoine
- *(a)* pósta.
- *(b)* singil.
- *(c)* colscartha.
- *(d)* geallta.

(iii) Cad a rinne Antoine nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois?

__________________________________________________

(iv) Maidir le Antoine,
- *(a)* is úinéir bialainne é.
- *(b)* ní leis a bhialann féin.
- *(c)* riarann sé sraith bialanna.
- *(d)* tá sé amach ar pinsean.

## Roinn III

## Scríobh na Teanga

## (60 marc)

**1.** Scríobh **litir i bhFraincis** chuig do chara pinn Francach, Chantal / Charles. Sa litir agat bíodh **ceithre** cinn ar a laghad de na sonraí seo a leanas:

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| 5 |
| 6 |
| 7 |
| 8 |
| 9 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- Gabh buíochas leis/léi dá litir.
- Abair go bhfuil tú ag dul ar saoire go luath.
- Tabhair eolas éigin faoi do dhearthár nó do dheirfiúr.
- Luaigh an chaoi a chaitheann tú do am saor.
- Labhair faoi phost (jab) saoire atá agat.
- Abair leis/léi faoi rud éigin a cheannaigh tú le déanaí.
- Abair an t-am a éiríonn tú ar maidin.
- Fiafraigh faoina (h)am saor.
- Fiafraigh faoi pheata atá aige/aici.

(40 marc)

**2.** Freagair *(a)* **nó** *(b)*.

*(a)* Tá tú ar saoire. Scríobh **cárta poist** i bhFraincis chuig cara Francach. Abair ann

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- an áit ina bhfuil tú;
- go bhfuil tú ag campáil;
- conas mar atá an aimsir;
- go bhfuil am maith agat.

(20 marc)

**NÓ**

*(b)* Tá tú ag fanacht le clann Francach. Lá amháin nuair nach bhfuil siad sa bhaile, glaonn cara chun cuireadh amach a thabhairt duit. Fágann tú nóta i bhFraincis ag rá

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- go bhfuil tú imithe go dtí an trá;
- go bhfuil rud éigin agat le n-ithe;
- go bhfuil do ghuthán soghluaiste agat;
- go mbeidh tú ar ais roimh 6.0 i.n.

(20 marc)